—2000—

# Coisméigeacha Beaga agus Coisméigeacha Móra

Micheál Ó Conghaile

(Cathaoirleach: Alan Titley)

Nuair a iarradh orm an léacht seo a thabhairt bhí mé idir dhá chomhairle faoi. B'fhearr liom go mór gearrscéal a scríobh, nó tabhairt faoi cheann ar a laghad, fiú mura gcríochnófaí choíche é...

Le cúig bliana déag anuas, tá mé gafa den chuid is mó le cúrsaí foilsitheoireachta agus le tréimhse níos faide ná sin leis an scríbhneoireacht. Ba mhinic sa tréimhse úd súil amháin agam ar mo pháipéar bán féin agus an tsúil eile ar an bpáipéar a bhreac údar éigin eile. Le blianta beaga anuas, áfach, táim ag iarraidh díriú go hiomlán ar mo shaothar scríbhneoireachta féin mar gur ann dáiríre atá mo chroí cé go mbím de shíor meallta ag gnéithe áirithe de shaol na foilsitheoireachta. Cé gur míbhuntáiste é seo dom, b'fhéidir, ó thaobh na scríbhneoireachta de, is faoiseamh é scaití eile mar mhalairt oibre óir tá an scríbhneoireacht chruthaitheach róchrua agus ró-éileamhach le do chuid ama a chaitheamh léi go hiomlán ó cheann ceann na bliana. Fágann sé sin nár éirigh liom an dá ghné sin de mo shaol a dhealú go hiomlán óna chéile riamh. Is é a fhearacht anseo anocht é.

Níl sé i bhfad ó shin ó dúirt duine de mo chomhfhoilsitheoirí liom, 'má fhaigheann an Ghaeilge bás ní féidir an milleán a chur ar na foilsitheoirí.' Ní nach ionadh, tagaim leis agus ní mar gheall air gur foilsitheoir mé féin a deirim é sin, ach mar gheall ar an réimse mór ilchineálach leabhar atá ar fáil don léitheoir Gaeilge—an méid atá ann acu—i láthair na huaire. Is le scór bliain anuas, go háirithe ó bunaíodh Coiscéim sa bhliain 1981, a tháinig an bláthú seo. Tá breis agus ceithre chéad teideal curtha i gcló ag Pádraig Ó Snodaigh ó rinne

sé cinneadh dul ina bhealach féin. Sin éacht de rabharta foilsitheoireachta agus ba leabhar eile a bheadh ann na teidil go léir—idir mhaith agus mheasartha—a liostú. Faoi láthair, tá timpeall trí mhíle leabhar Gaeilge i gcló le freastal ar aoiseanna éagsúla ón gcliabhán aníos. An té a dhéanfadh rangú ginearálta orthu, thabharfadh faoi deara go bhfuil suas le leathchéad ábhar faoi chaibidil iontu sa réimse do dhaoine fásta—agus sin gan saothar cruthaitheach a chur san áireamh. Ar ndóigh, tá bearnaí freisin ann ach táthar dá líonadh de réir a chéile, más go mall féin é i gcásanna áirithe.

Nílim ag maíomh anseo go bhfuil gach ní ar fheabhas i gcúrsaí foilsitheoireachta. Níl. Ní haon ghaisce dúinn é nach raibh aon chruinniú ceart ag Cumann na bhFoilsitheoirí le cúig bliana déag anuas, ná nach dtagann muid le chéile go rialta le foghlaim óna chéile nó lenár gcás a chur chun cinn. Bíonn gá agus spás i gcónaí d'fheabhas, d'fhorbairt agus d'fhás. Is é mo ghuí féin sa leathchéad bliain atá romhainn ná go dtiocfadh foilsitheoir nua dáiríre chun cinn gach deich mbliana ar a laghad a chuirfeadh anáil úr trí scamhóga fhoilsitheoireacht na Gaeilge, díreach mar a rinne Coiscéim nuair a tháinig ag tús na 1980í, Cló Iar-Chonnacht i lár na 1980í agus mar atá á dhéanamh, is cosúil, ag Cois Life ó lár na 1990í. Thug gach teach acu seo saibhreas suntasach isteach i saol an léitheora Gaeilge agus iad ag díriú ar sheánraí faoi leith den fhoilsitheoireacht de réir mar a chonaic siad bearnaí a bhféadfaí cúpla leabhar a chur iontu. Comhlachtaí sláintiúla foilsitheoireachta iad seo a mhaireann taobh le taobh leis na comhlachtaí a sheas an fód le blianta fada roimhe sin ar nós An Sagart, Sáirséal-Ó Marcaigh, agus An Clóchomhar, cloch choirnéil na foilsitheoireachta nár theip riamh ar a cuid léitheoirí ó bunaíodh an comhlacht sa bhliain 1952. Ar ndóigh, tá scata mionfhoilsitheoirí eile freisin ann, roinnt acu a fhreastalaíonn ar riachtanais, ócáidí agus cúiseanna éagsúla. Ach, mar a deirim, ba chun leasa na foilsitheoireachta go ginearálta é foilsitheoirí nua teacht chun cinn go rialta. Agus chuige sin is leor duine amháin nó beirt, a bhfuil fís acu, atá sásta gníomh a dhéanamh, tosú ar scála beag agus tógáil air sin de réir a chéile. An rud deireanach a theastaíonn le tús a chur le fiontar foilsitheoireachta ná coistí, óir is rómhinic gur moilleadóireacht agus buille báis a leithéid; ceann de na cúiseanna, b'fhéidir, go mbíonn luí ag Gaeilgeoirí leo. Ní haon dochar ach a mhalairt do na foilsitheoirí Gaeilge é gur duine amháin nó beirt atá á stiúradh den chuid is mó.

Rud amháin a chuireann an-iontas orm ná nár tháinig aon fhoilsitheoir bisiúil leabhar chun cinn i mBéal Feirste le deich mbliana anuas, go háirithe i bhfianaise an bhorrtha atá tagtha ar ghnéithe éagsúla de shaol na Gaeilge sa chathair sin le breis agus scór bliain. Ach b'fhéidir gurb amhlaidh a cuireadh an fuinneamh foilsitheoireachta ar fad isteach sa nuachtán *Lá*, a chuir agus a chuireann seirbhís mhaith leanúnach ar fáil. Agus, ar ndóigh, déanann Coiscéim freastal maith ar léitheoirí na cathrach tríd an gclub leabhar Coiscéim Feirste. Ach ina ainneoin sin